# Aonad Oibre Samplach 2
# Ranganna Naíonáin: Treodóireacht

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | Oide

## Teanga na Bunscoile

Snáithe: Teanga ó Bhéal Gné: Tuiscint:
TF5 – Stór Focal
Fócas Teanga – Úsáid a bhaint le linn spraoi agus comhrá as roinnt focal/frásaí m.sh. Is liathróid í/Is pónairéan é
TF6 - Léiriú Tuisceana
Fócas Teanga – Tuiscint a léiriú trí threoracha gearra a leanúint m.sh. Siúlaigí go barr an halla.
TF8 - Catagóiriú
Fócas Teanga – Rudaí a aithníonn siad a ainmniú m.sh. na dathanna a ainmniú m.sh Tá sé gorm, Tá sé glas

Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua is mian leat a chleachtadh agus a mhúineadh a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn ghnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí treodóireachta

## Curaclam Corpoideachais

Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta
Snáithaonad: Treodóireacht

Cuspóirí Curaclaim: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:
- achair den halla, den pháirc imeartha nó de chlós na scoile a aithint

Snáithaonad: Siúl
Cuspóirí Curaclaim: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:
- ní a aimsiú in achar teoranta de chlós na scoile tar éis leideanna simplí a bheith tugtha.

## Trealamh

- Cur i láthair PowerPoint d'Aonad Oibre 2
- Teilifís chliste/osteiligeoir le callairí (speakers)
- Sé phictiúr de ghnáthrudaí atá coitianta i scoil – ceithre chóip de gach ceann acu
- boscaí a bhfuil lipéid orthu leis na pictiúir a shórtáil agus a stóráil
- cárta rialúcháin amháin méadaithe le haghaidh léirithe a dhéanamh agus cárta rialúcháin amháin do gach páiste. (Sa PPT)
- Príomhchárta rialúcháin amháin don mhúinteoir (Sa PPT)
- Criáin ar shreangáin (nó i mboscaí)
- comhartha XXX – ó cheacht 1
- cóin, fonsaí, boscaí, pónaireán, raicéid, liathróidí

## Measúnú agus Aiseolas le linn an cheachta

- Breathnoireacht an Mhúinteora: Siúil timpeall an ranga le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.
- Ceistiú Éifeachtach: Bain úsáid as na moltaí thíos (féach teanga an mhúinteora) chun na daltaí a cheistiú, tuiscint a chinntiú agus iad a chur i mbun cumarsáide.
- Aiseolas ceartaitheach: Bainfidh na daltaí úsáid as Gaeilge agus Béarla le linn an cheachta. Tá úsáid an Bhéarla nádúrtha, ach le tacú le teanga na ndaltaí a fhorbairt bain úsáid as leideanna, athrá agus múnlóireacht chun na daltaí a chur i dtreo na Gaeilge. Tuilleadh sonraí ar fáil anseo: https://curriculumonline.ie/getmedia/b5f93d3c-4db7-474b-9dc1-63952d987716/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf
- Féinmheasúnú: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.
- Dialann an mhúinteora: Coinnigh nótaí den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora |
|---|---|
| **Teanga an Ranga (Bain úsáid as an bhfoirm uatha/iolra nuair is cuí)**<br>Abair é/Abraigí é<br>Béic/Béicigí/Scairt/Scairtigí amach é<br>Níos airde! Níos airde arís!<br>Ní chloisim thú/sibh/<br>Cad a dúirt mé?<br>An bhfuil tú/sibh réidh?<br>An dtuigeann sibh? Ordóg suas/Ordóg síos<br>Ar aghaidh libh!<br><br>**Teanga na nGníomhaíochtaí**<br><br>**Tasc 1: Dul Siar**<br>"Cá bhfuil teidí?" "Tá teidí ag bun an chláir bháin". Tá teidí ag barr an dorais.<br>"Taispeáin dom rud gorm sa seomra ranga".<br><br>**Tasc 2**: 'Cad atá sa Bhosca': Cad é sin? Is pónaireán é, is liathróid í, is fonsa é, is bosca é, is cón é, is raicéad é • Cad atá sa bhosca? • Cén dath atá air? • An bhfuil sé gorm? Cad atá sa bhosca, Sa bhosca, sa bhosca? Cad atá sa bhosca, Sa bhosca trom buí? Tá liathróid sa bhosca, Sa bhosca, sa bhosca, Tá liathróid sa bhosca, Sa bhosca trom buí<br>Imreoimid cluiche. Dúnaigí na súile. Osclaígí na súile. Cad a thóg mé? An-mhaith, níl raicéad sa bhosca. Tá liathróid sa bhosca.<br><br>**Tasc 3**: Canaimís amhrán. Taobh le chéile deas. Taobh le chéile clé. Taobh le chéile deas is clé. Taobh le chéile chéile (x2) La la la la la la la .La la la la la la (x2) (Rachaimid ar chlé, Rachaimid ar dheis. Ciorcail. Lámh le lámh, Siúil go dtí an taobh deas, siúil go dtí an taobh clé).<br><br>**Tasc 4:** 'Tá mé ag siúl' Canfaimid amhrán. Bígí ag siúl. Bígí ag scipeáil. Bígí ag rith. Bígí ag léim. | **Tasc 5: Lean na Treoracha**<br>Féach ar an gcomhartha.<br>Seo bun/ barr an halla/an chlóis.<br>Suígí síos ag na cóin ag bun an halla/tseomra.<br>Léimigí ar aghaidh go barr an halla, rithigí siar go bun an halla.<br>Rithigí ar aghaidh go barr an halla, siúlaigí siar go bun an halla<br><br>**Tasc 6: An Bhfuil Sé?**<br>"Tá sé dearg … Abair é! Tá sé buí…Abair é!".<br>"Cad atá sa bhosca/mhála?" Cén dath atá air?"An bhfuil sé gorm?""níl sé gorm"<br>"Liathróid dhearg ….. rithigí ar chlé", "Pónaireán glas … rithigí ar dheis"<br><br>**Tasc 7: Beir Greim Air**<br>Cón, Liathróid, Raicéad, Bosca, Fonsa, Pónaireán!<br>Rithigí, Léimigí, Bígí ag scipeáil, scipeálaigí, Siúlaigí<br>cón dearg, cón gorm, cón corcra, cón buí<br>Pioc suas an raicéad agus tar ar ais. Ansin déanfaidh an chéad duine eile an rud céanna.<br>"Dearg ….. rithigí ar chlé", "Gorm … rithigí ar dheis". |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

| Teanga na Múinteoirí | Teanga na nDaltaí |
|---|---|
| **Tasc 8: An Phríomhghníomhaíocht Treodóireachta**<br>Seo na cártaí rialúcháin/Seo mo chárta rialúcháin<br>Siúlaigí liom go dtí an liathróid/go barr an halla srl…<br>Siúlaigí, Rithigí, Léimigí…timpeall an halla<br>Go tapa, go mall<br>Taispeáin dom an liathróid<br>Seasaigí i mbeirteanna<br>Féachaigí tá crián oráiste sa bhosca in aice leis an liathróid.<br>Táim chun an bosca faoin liathróid ar an gcárta a dhathú leis an gcrián oráiste<br>Siúlaigí liom go dtí an bosca. Cuirfidh mé an pictiúr ar ais sa bhosca ceart. Féachaigí!<br>Ordóga suas/ordóga síos<br>Nuair a chloiseann tú an fheadóg siúil go dtí an pónaireán<br><br>**Tasc 9:**<br>Sín amach do lámha/Sínígí amach bhur lámha/<br>Ísligh do lámha/ Íslígí bhur lámha<br>Análaígí isteach/ Análaígí amach/ Ionanálaígí/ Easanálaígí<br>An maith leat corpoideachas? | Anseo/Ansin<br>bun/barr<br><br>Na dathanna agus na gnáthrudaí a ainmniú<br>dearg, glas, gorm, buí, oráiste, corcra<br>fonsa, liathróid, bosca, raicéad, pónaireán, cón<br>Is fonsa é, tá sé corcra<br>Tá liathróid/cón/pónaireán/raicéad/cón sa bhosca<br>Gorm! Tá sé gorm/Níl sé gorm (glas, buí, dearg srl.)<br>Is pónaireán é, is liathróid í, is fonsa é, is bosca é, is cón é, is raicéad é<br><br>Athrá ar ... ar chlé, ar dheis, ar aghaidh, go barr an halla<br><br>Is/Ní maith liom corpoideachas<br><br>Teanga an Ábhair (samplaí)<br>• Is liathróid í, tá sí oráiste<br>• Is raicéad é, tá sé glas<br>• Is fonsa é, tá sé corcra |

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

Suíomh: Seomra Ranga

- **Tasc 1:** Dul Siar: Smaointe don seomra ranga chun dul siar ar 'bun', 'barr', agus na dathanna. (Sleamhnán 4)
- **Tasc 2:** 'Cad atá sa Bhosca': Bain úsáid as Sleamhnán 5-18, an rann, Cluiche Kim, fearas agus athrá chun na focail ' fonsa, pónaireán, raicéad leadóige, liathróid, cón agus bosca' a mhúineadh.
- **Tasc 3:** Déan cleachtadh ar 'clé' agus 'deas'. Bain úsáid as Sleamhnán 19 agus 20 leis an ngníomhamhrán 'Taobh le chéile' a mhúineadh chun gur féidir an cluiche 'An Bhfuil sé' a imirt, Féach Sleamhnán 19 & 20.
- **Tasc 4:** Bain úsáid as an ngníomhamhrán 'Tá mé ag siúl' (Sleamhnán 21) chun gur féidir leis na páistí na hainmneacha briathartha 'ag siúl', 'ag rith', 'ag léim' agus 'ag scipeáil' a fhoghlaim.

Suíomh: Halla Spóirt/Clós na Scoile

- **Tasc 5:** Lean na treoracha (Sleamhnán 23) Ar dtús, Cuir i gcuimhne do na páistí go gciallaíonn XXX barr an halla. Cuir an comhartha XXX ag barr an halla. Cuir na páistí ina suí ag bun an halla. Iarr ar na paistí siúl leat go barr an halla agus siúl ar ais go bun an halla. Úsáid na téarmaí ar aghaidh agus siar. Ansin tabhair treoracha éagsúla do na páistí m.sh. Rithigí ar aghaidh go barr an halla, siúlaigí siar go bun an halla nó Léimigí ar aghaidh go barr an halla, rithigí siar go bun an halla.

- **Tasc 6:** Cluiche Teanga: An Bhfuil Sé? (Sleamhnan 24 & 25) (mar fhorbairt ar cheacht 1 le hathruithe chun leanúnachas a chur chun cinn). Céim 1: Léirigh na dathanna dearg, oráiste, buí, glas, corcra agus gorm le fíor rudaí m.sh. cóin, liathróidí, pónaireáin srl. Lorg athrá m.sh. "Is liathróid í - Tá sí dearg … Abair é!" Cuir na spotaí nó cóin i mála nó i mbosca agus tóg ceann amháin amach agus cuir an cheist "Cén dath atá air?" Lorg freagra ó na páistí agus déan neart athrá. Taispeáin rud dearg agus abair "An bhfuil sé gorm?" Léirigh ordóg suas agus ordóg síos; Abair "Níl sé gorm." le hordóg síos. Déan neart samplaí mar seo. Céim 2: Leag amach dhá phíosa trealaimh m.sh liathróid agus pónaireán. Liathróid agus pónaireán dearg ar chlé agus liathróid agus pónaireáin glas ar dheis. Léirigh agus abair "Liathróid dhearg ….. rithigí ar chlé", "Pónaireán glas … rithigí ar dheis". Féach an leanann na páistí an treoir. Is féidir na ceithre dhath eile a úsáid – oráiste, corcra, buí agus gorm. Freisin is féidir níos mó trealaimh a chur amach".

- **Tasc 7:** Beir Greim Air (Sleamhnán 29 & 30) (Féach Aguisín 2 - Lch 16 – Gluais go Maith Gluais go Minic) Téigh siar ar an bhfoclóir nua mar atá mínithe ar Shleamhnán 5 agus 7. Nuair atá siad réidh cuir ceathrar páistí ag barr an halla. Cuir i líne iad. Cuir an liathróid ag bun an halla. Abair an focal "liathróid". Ar chomhartha m.sh. feadóg, ritheann gach duine den cheathrar síos go bun an halla, faigheann siad an liathróid agus filleann siad ar ais go barr an halla. Céim 1: Cuir na páistí ina ngrúpaí de cheathrar. Cuir roinnt den trealamh ag bun an halla – cóin, fonsaí, liathróidí, pónaireáin, boscaí agus raicéid. Cinntigh go bhfuil dóthain trealaimh ann ionas go mbeidh gach ball de na grúpaí in ann píosa amháin de gach cinéal trealaimh a fháil. Abair "Fonsa". Ar chomhartha m.sh. feadóg, ritheann an chéad pháiste amach, faigheann sé/sí an fonsa agus filleann sé/sí ar an ngrúpa. Ansin abair "Cón" – nuair a leagann an chéad páiste an píosa trealaimh ar an talamh go réidh tá cead ag an dara páiste rith agus an dara píosa trealaimh a fháil. Lean ar aghaidh mar seo go dtí go mbeidh píosa amháin de gach cineál trealaimh ag gach grúpa. Beidh an bua ag an bhfoireann a bhfuil gach píosa acu ar dtús. Céim 2: Imir an cluiche céanna le treoracha eile m.sh. "Léimigí….. siúlaigí …scipeálaigí." Déan na treoracha a léiriú do na páistí i gcónaí. Éagsúlachtaí: Bain úsáid as trealamh amháin agus roinnt dathanna den phíosa sin m.sh cón dearg, cón gorm, cón corcra, cón buí agus iarr ar na páistí an dath ceart a fháil.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

- **Tasc 8:** An Phríomhghníomh Treodóireachta (Sleamhnán 31-45).

I dTasc 9 imreofar treodóireacht ghrianghraif. Ar shleamhnán 32- 39 feictear conas an cluiche a leagan amach. Ansin ar Shleamhnán 40-42 mínítear an cluiche. Taispeáin an póstaeir den chárta rialúcháin don rang. Ainmnigh na gnáthrudaí (pónaireáin, liathróid, fonsa, bosca, cón, raicéad leadóige) Déan plé ar an áit a bhfuil gach rud.

Céim 1: Tabhair pictiúr do gach beirt agus iarr orthu siúl thart le himeall an halla. Ar chomhartha ar leith, m.sh. feadóg, siúlann na páistí agus seasann siad in aice leis an bpónaireáin/liathróid/ bhfonsa/mbosca/gcón/raicéad leadóige. Déanann siad pictiúir a chéile a sheiceáil. Ar an gcéad chomhartha eile, cuireann siad an pictiúr ar ais sa bhosca ceart.

Céim 2: Taispeáin na pictiúir greamaithe de na boscaí do na páistí. Taispeáin pictiúr den liathróid do na páistí. Siúil leis na páistí go dtí an liathróid. Léirigh do na páistí: 1. Conas an bosca faoin liathróid ar an gcárta rialúcháin a dhathú leis an gcrián oráiste. 2. Conas an crián a chur ar ais. 3. Conas filleadh go dtí an túsphointe/bun an halla 4. Conas an pictiúr a chur ar ais go cúramach sa bhosca ceart agus ceann eile a thógáil. Léirigh é seo arís agus arís eile go dtí go dtuigeann na páistí.

Céim 3: Nuair atá na páistí réidh is féidir leo Céim 3 a imirt agus iad i mbeirteanna ag piocadh suas cárta ag siúl chuig an bhfíor-rud, ag dathú an cárta rialaithe leis an gcrián cuí ag filleadh ar an túsphointe agus ag fáil cárta difriúil go dtí go bhfuil gach bosca daite acu, mar atá mínithe ar Shleamhnán 38.

## Suíomh: Seomra Ranga
## Trealamh: Teilifís chliste, PowerPoint

- **Tasc 9:** Fuarú iaraclaíochta

Nuair atá gach duine críochnaithe, déan gníomhaíocht iaraclaíochta (fuaraithe) leis na páistí, seo samplaí: https://pssi.pdst.ie/pdf/gen/gen_2_cooldown.pdf

Seal Fuaraithe: Síntí coirp: Análaíonn na páistí isteach ag síneadh go leathan, análaíonn siad amach go mall fad is a n-íslíonn siad na lámha. Déan arís é ag síneadh go hard. Cuir i gcuimhne dóibh análú isteach agus análú amach go mall.

- **Tasc 10**

Athneartú: Is féidir athneartú a dhéanamh ar theanga nua an cheachta seo ag baint úsáid as na straitéisí céanna - rann, amhrán, dán agus cluiche teanga arís agus arís eile.

Is féidir na scéalta thíos a léamh agus a athléamh i rith na seachtaine: Is Maith Liom - https://www.seideansi.ie/dep/files/connacht/Is_maith_liom.html

| **Tagairtí** |
| --- |
| • Curaclam na Bunscoile 1999 Corpoideachas (Lch 23)<br>• Corpoideachas: Treoirlínte do Mhúinteoirí 1999 (Lch 91)<br>• Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum 2019<br>• Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna (PSSI) 1999 (https://pssi.pdst.ie/<br>• Gluais go Maith, Gluais go Minic (PDST) https://www.pdst.ie/physlit |
| **Nótaí an Mhúinteora:** D'fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó an chorpoideachais de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta. |
| |